**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé hAoine, 14 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***

***(a)*** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*


**1.** An balla seachtrach ar theach cónaithe, is blocbhalla coincréite 400 mm é agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Tá fuinneog cháisminte adhmaid, a bhfuil gloiniú triarach ann, feistithe den bhalla seachtrach, mar a thaispeántar.
Tá fráma feistithe na fuinneoige 150 mm × 80 mm.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an gcuid uachtarach den bhfuinneog. Taispeáin an balla, na lindéir choincréite agus fráma feistithe na fuinneoige. Taispeáin ar an líníocht na gnáth-shonraí tógála ó leibhéal atá 300 mm faoi bhun na lindéar coincréite go leibhéal atá 400 mm os a gcionn.
Cuir isteach **ceithre** gnáth-thoise.

**(b)** Taispeáin go soiléir ar do líníocht an ghnáth-shonraíocht dearaidh a chinnteoidh go bhfuil an cuas dúnta ag ceann na fuinneoige.

**2.** Tá seanteach gan insliú ceannaithe ag lánúin óg. Teastaíonn uathu airíonna inslithe an tí a fheabhsú agus tá beartaithe acu tosú le spás an áiléir a insliú ar dtús. Taispeántar sa sceitse na giarsaí síleála agus comhla thógála an áiléir. Tá na giarsaí síleála 200 mm × 40 mm.




**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe de spás triantánach an áiléir. Taispeáin ar do sceitse an ghnáth-shonraíocht dearaidh a chinnteoidh ard-insliú don áiléar ag leibhéal na ngiarsaí síleála. Mol do rogha cineál inslithe agus scríobh síos gnáth-thiús an inslithe.


**(b)** Tá an chomhla thógála le bheith inslithe agus dea-shéalaithe. Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas an chomhla thógála a insliú.
Taispeáin modh **amháin** freisin le séalú a chur ar an gcomhla thógála.

**(c)** Pléigh **dhá** cúis gur cheart don lánúin tosú leis an áiléar a insliú.

**3.** **(a)** Ba cheart soláthar d'uisce glan atá oiriúnach lena ól a bheith ar fáil i dteach cónaithe. Tarraing sceitse mór saorláimhe den teach a thugtar agus, ar do sceitse, taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun **uisce fuar** a sholáthar do dhoirteal na cistine ar urlár na talún agus don leithreas ar an gcéad urlár, mar a thaispeántar.




Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:
- príomhphíobán ardaitheach
- an phíbobair go dtí doirteal na cistine
- an umar stórála inslithe don uisce fuar
- an phíbobair go dtí sistéal an leithris
- na comhlaí riachtanacha uile.



**(b)** Taispeánann an sceitse comhla a úsáidtear de ghnáth chun an soláthar uisce do leithreas a chasadh de. Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus taispeáin an suíomh is rogha leat don chomhla.
Tabhair cúis **amháin** leis an suíomh sin a roghnú don chomhla.

**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le leithreas déshruthlaithe a chur isteach.

**4.** Taispeánann an sceitse fotha stéille coincréite treisithe agus cuasbhalla 400 mm do theach nua.




**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin na gnáth-shonraí tógála don fhotha stéille a iompraíonn an blocbhalla coincréite.
Taispeáin suíomh an bhalla ar an bhfotha **agus** taispeáin suíomh an treisithe cruach san fhotha.

Cuir isteach **trí** gnáth-thoise ar do sceitse.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin modh **amháin** chun an duille istigh agus an duille amuigh a nascadh le chéile.

**(c)** Pléigh **dhá** buntáiste a bhaineann le coincréit réamh-mheasctha a úsáid i bhfothaí do theach cónaithe.

**5.** Scarann landair stoda neamh-ualachiompartha dhá sheomra leapa ar an gcéad urlár i dteach cónaithe, mar a thaispeántar. Tá an landair stoda á iompar ar ghiarsaí urláir 225 mm × 50 mm. Is urlár saor adhmaid le teanga agus eitre é an chéad urlár. Tá an t-urlár ar dheicre sraithadhmad 20 mm agus tá síleáil phlástarchláir faoina bhun.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach, comhthreomhar leis na giarsaí, tríd an urlár agus an landair stoda. Taispeáin na gnáth-shonraí tógála ón tsíleáil phlástarchláir, tríd an gcéad urlár agus an landair stoda suas go leibhéal atá 400 mm os cionn leibhéal chríochnaithe an urláir. Taispeáin leithead urláir 500 mm ar an dá thaobh den landair.

Cuir isteach **trí** ghnáth-thoise ar do líníocht.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht suíomh an inslithe sa landair.

**6.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh i seomra ranga an Staidéir Foirgníochta i n**gach** ceann de na cásanna seo a leanas:


- greamachán teagmhála a úsáid chun veinírí a ghliúáil
- úsáid a bhaint as scriúire a chumhachtaítear le bataire.



**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh agus crios-sábh á úsáid chun píosa adhmaid a ghearradh i seomra an Staidéir Foirgníochta.
Tabhair cúis **amháin** le gach réamhchúram sábháilteachta a luaitear.

**(c)** Pléigh **dhá** chúis gur gá treoracha sábháilteachta a thabhairt do na mic léinn go léir sula dtosaíonn siad ar innealra a úsáid i seomra an Staidéir Foirgníochta.

**7.** Taispeántar dréacht-dhearadh le haghaidh cistin bheag phlean oscailte agus seomra bia i dteach cónaithe nua. Taispeántar na suíomhanna do na fuinneoga agus do na doirse.




**(a)** Tarraing sceitse saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat sa chistin bheag do **gach** ceann díobh seo a leanas:

• *cócaireán* • *cuisneoir* • *doirteal.*

Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh a roghnaigh tú.

**(b)** Roghnaigh cineál urláir a bheadh oiriúnach do chistin bheag **A** agus cineál eile urláir a bheadh oiriúnach do sheomra bia **B**.
Pléigh fáth **amháin** le **gach** ceann de na cineálacha urlár a roghnaigh tú.

**(c)** Tarring sceitse de dhearadh imlíneach agus taispeáin suíomh aonaid oileáin a bheadh oiriúnach do chistin bheag **A**. Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le haonad oileáin a chur isteach sa chistin.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- aláram aonocsaíd charbóin
- gloine sábháilteachta lannaithe
- sú-adhmad
- greimráille
- gáitéar sceimhleacha
- béalalt
- roithlín troscáin
- balastair
- soilsiú fluaraiseach.

**9.** Taispeánann an sceitse oifig bhaile éiceabhách atá suite sa ghairdín. Is de thógáil fráma adhmaid í an oifig agus tá cumhdach seachtrach adhmaid uirthi.

**(a)** Ainmnigh adhmad a bheadh oiriúnach don chumhdach seachtrach agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.



**(b)** Tá sé beartaithe mionathrú a dhéanamh ar an oifig bhaile chun radhairc níos fearr a thabhairt ar an ngairdín máguaird. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin mionathrú **amháin** ar an dearadh atá ann cheana féin a mhéadódh an ceangal, ó thaobh amhairc de, idir an oifig agus an gairdín.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste don duine a úsáideann an oifig bhaile a bhaineann leis an gceangal, ó thaobh amhairc de, idir an oifig agus an gairdín máguaird a mhéadú.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019**
**Leaving Certificate Examination, 2019**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 1 / Lá 1*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Entertainment Centre
# Ionad Siamsaíochta





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló




Plan/Bonnchló




Shaping of edges is left to the candidate.

Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.

Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019**
**Leaving Certificate Examination, 2019**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 2 / Lá 2*

***Duration: 4:00 hours***
***Fad: 4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Entertainment Centre
# Ionad Siamsaíochta




End View/Taobhchló





Elevation/Aghaidhchló




Plan/Bonnchló


Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6



Shaping of edges is left to the candidate.

Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019**
**Leaving Certificate Examination, 2019**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 3 / Lá 3*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Entertainment Centre
# Ionad Siamsaíochta




Elevation/Aghaidhchló



End View/Taobhchló



Plan/Bonnchló




Shaping of edges is left to the candidate.

Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.

Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.